# DÁIL ÉIREANN

**IOMPAR FRITHSHÓISIALTA**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 18ú lá seo de Mheán Fómhair, 2025.

**ANTI-SOCIAL BEHAVIOUR**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 18th day of September, 2025.

Cathaoirleach Dháil Éireann

Le cur go dtí:

For transmission to: *An Taoiseach*

Go ndéanann Dáil Éireann:

— a aithint go bhfuil iompar frithshóisialta ina fhadhb mhór in Éirinn i gcónaí do dhaoine de gach aois;

— á thabhairt dá haire gur tosca ilghnéitheacha iad na tosca is cúis leis an iompar seo, agus go bhfuil roinnt oibre déanta go dtí seo chun réitigh a aithint agus acmhainní a chur ar fáil dóibh;

— á ghlacadh leis go bhfuil líon na nGardaí in aghaidh an duine den daonra fós i bhfad níos ísle ná na leibhéil is fearr;

— aitheantas a thabhairt don easpa cumhachta a airíonn go leor daoine maidir le dul i ngleic leis an bhfadhb leanúnach seo, go háirithe nuair is daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a bhíonn ina bun agus is féidir leo an iliomad cionta a dhéanamh sula ndéileáiltear leo faoin gcóras reatha;

— a ghealladh tuilleadh acmhainní a chur ar fáil chun dul i ngleic le bunchúiseanna an iompair fhrithshóisialta ag daoine faoi aois, agus béim mhór bhreise á leagan ar iarmhairtí láithreacha a bheith ann do na gníomhartha a dhéantar; agus

— a ghealladh liosta iomlán d'athchóirithe reachtaíochta agus acmhainní a sholáthar, ar athchóirithe iad is féidir a chur i bhfeidhm, le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais laistigh de shé mhí tar éis an tairiscint seo a rith, agus bunófar an liosta sin ar óráidí a rinneadh le linn na díospóireachta seo, ar an dea-chleachtas in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, agus déanfar na bearta seo a leanas a mheasúnú go sonrach:

  — cuirfiú a thabhairt isteach do chiontóirí athuaire;

  — cúirteanna pobail chun cionta i ndáil le hiompar frithshóisialta a bhreithniú go tapa, lena n-áirítear Orduithe um Iompar Frithshóisialta a cheadú;

  — Orduithe um Iompar Frithshóisialta a cheadú gan a cheangal ar Ghardaí a bheith i láthair sa chúirt;

  — nithe ardluacha a úsáidtear i

That Dáil Éireann:

— recognises that anti-social behaviour continues to be a major problem in Ireland for people of all ages;

— noting that the factors leading to this behaviour are multi-faceted and that some work has been done to date to identify and resource solutions;

— accepting that Garda numbers per head of population remain far short of optimal levels;

— acknowledges that many people feel a sense of powerlessness to deal with this persistent problem, especially when those involved are aged under 18 years of age and can commit multiple offences before being dealt with by the current system;

— undertakes to provide additional resources to tackle the root causes of underage anti-social behaviour, with an additional strong emphasis on immediate consequences for actions; and

— commits to providing a full list of implementable legislative and resourcing reforms to lay before the Houses of the Oireachtas within six months of this motion being passed, based on contributions made during this debate, best practice in Ireland and internationally, and specifically assessing the following measures:

  — the introduction of curfews for repeat offenders;

  — community courts for rapid adjudication on anti-social behaviour offences, including the sanctioning of Anti-Social Behaviour Orders (ASBOs);

  — ASBOs to be sanctioned without requiring Gardaí to turn up in court;

  — immediate seizure on a permanent

ngníomhaíochtaí frithshóisialta nó i mbriseadh an dlí, is nithe ar nós scútar, cuadrothar agus gluaisrothair streachailte, a ghabháil láithreach ar bhonn buan;

— nithe pearsanta ar nós Playstation, Xbox, agus fóin chliste a bhaint de dhaoine ar bhonn sealadach nuair a thuairiscítear iompar frithshóisialta leanúnach;

— nithe a bhfuiltear in amhras gur de bharr gadaíochta a fuarthas iad a ghabháil, i.e. "mion-Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla";

— fíneálacha le haghaidh tuismitheoirí nuair is cuí, nó bearta comhréireacha dá samhail, a chuireann an comhoibriú chun cinn agus a chuireann daoine ó bheith ag gabháil don iompar frithshóisialta;

— feabhas a chur ar chumas siopaí gadaithe siopaí a chuardach agus a choimeád go dtí go dtiocfaidh na Gardaí;

— ceartas aisig fiúntach chun damáistí a chúiteamh;

— seirbhís pobail amhail obair ghlantacháin le comhlachtaí a théann faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar nós grúpaí Bailte Slachtmhara nó eagraíochtaí eile de réir mar is cuí;

— clár infheistíochta le haghaidh teilifís ciorcaid iata (TCI) a leathnú amach i gclóis súgartha agus i limistéir ardluacha, ríthaitneamhacha ar a mbíonn iompar frithshóisialta dírithe go minic;

— míniú dlíthiúil níos soiléire a thabhairt ar céard atá i gceist le féinchosaint réasúnach i gcás duine a bheadh faoi bhagairt nó faoi ionsaí ag déantóirí coireanna faoi aois, lena n-áirítear cásanna ina mbeadh bataí, clocha, gloine nó uirlisí eile á gcaitheamh le daoine;

— neamhfhulaingt agus fíneálacha níos

basis of high-value items such as scooters, quads, scramblers involved in anti-social activities or breaking the law;

— temporary removal of personal items such as PlayStation, Xboxes, smartphones, for consistent reported anti-social behaviour;

— seizure of any items suspected to be obtained as a result of theft, i.e. a "mini-Criminal Assets Bureau";

— fines for parents where appropriate, or similar, proportionate measures that encourage co-operation and act as a deterrent;

— enhance the ability of shops to search and detain shoplifters pending the arrival of the Gardaí;

— meaningful restorative justice to pay back any damages;

— community service such as clean-ups with Garda vetted bodies such as Tidy Towns Groups or other organisations as may be appropriate;

— increased Closed-Circuit Television (CCTV) investment programme for playgrounds and high-value, high-amenity areas targeted regularly by anti-social behaviour;

— a clearer legal definition of what constitutes reasonable self-defence when being threatened, or assaulted by underage perpetrators, including having items such as sticks, rocks, glass, and other implements being thrown at individuals;

— zero tolerance for littering and

airde a ghearradh i ngeall ar chaitheamh bruscair mar chuid de chonradh sóisialta níos leithne;

— tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar chosc a chur ar na meáin shóisialta do dhaoine atá faoi bhun 16 bliana d'aois, mar a d'ardaigh an Teachta Ó Gogartaigh roinnt míonna ó shin;

— faireachán níos fearr a dhéanamh ar thinreamh scoile;

— scéim pointí pionóis chun dul i ngleic ar bhonn níos láidre le ciontóirí athuaire;

— daoine a chlárú i gcláir oideachais i gcásanna ina bhfionntar gur cine, inscne, gnéaschlaonadh, nó cúlra reiligiúnach/cultúrtha is bun le drochúsáid;

— córas tuairiscithe níos tapa, ticéadbhunaithe, d'íospartaigh an iompair fhrithshóisialta chun teagmhais a logáil agus chun féachaint ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leo, lena n-áirítear bealach níos éasca chun físeáin agus grianghraif ar fianaise iad a uaslódáil chuig an nGarda Síochána;

— próiseas níos éifeachtaí chun ráitis agus dearbhuithe reachtúla a dhéanamh chun am a shábháil ar na Gardaí;

— breis acmhainní le haghaidh oideachais agus athstiúradh óige;

— béim níos láidre ar phóilíneacht phobail chun iompar frithshóisialta féideartha a aithint agus a chosc;

— orduithe lena gcuirfear cosc ar ghrúpaí frithshóisialta a bheith i dteagmháil lena chéile go ceann tréimhsí socraithe; agus

— dea-iompar sóisialta a aithint trí chóras conaire a bheidh bunaithe ar chreidiúintí le haghaidh seirbhís luachmhar pobail nó torthaí foghlama.

increased fines as part of a wider social contract;

— further consideration for a ban on social media for under 16s as raised by Deputy Gogarty several months ago;

— better school attendance monitoring;

— a penalty points system for stronger action with repeat offenders;

— enrolment in education programmes where abuse is found to be motivated by the race, gender, sexual orientation, or religious/cultural background;

— a faster, ticket-based reporting system for victims of anti-social behaviour to log and view progress on incidents, including an easier way to upload video and photo evidence to An Garda Síochána;

— a streamlined process for making statements and statutory declarations that frees up Garda time;

— additional educational and youth diversion resourcing;

— stronger focus on community policing to identify and deter potential anti-social behaviour;

— orders prohibiting anti-social groups from contacting one another for fixed periods; and

— recognition for positive social behaviour through a credits-based pathway system for valued community service or learning outcomes.